euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM

Tuarascáil Tearmainn 2023

Achoimre Feidhmiúcháin

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2023

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Grianghraf cumhdaigh: Adobe Stoc #457573540

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

PDF ISBN 978-92-9403-256-0 doi: 10.2847/779276 BZ-AH-23-001-GA-N ISSN 2600-318X

Is ceadmhach an foilseachán seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

Note: *This translation has not been verified by the EUAA.*

Tuarascáil Tearmainn 2023

An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Iúil 2023

Réamhrá

Bhí cosaint idirnáisiúnta agus shealadach fós chun tosaigh sa phlé beartais le linn 2022, agus líon iomlán de 5 mhilliún duine a bhí ar lorg cosanta agus iad teacht isteach san Eoraip. Áirítear san iomlán líon na n-iarratas ar thearmann a ardaíodh go beagnach 1 mhilliún, chomh maith le níos mó ná 4 mhilliún clárúchán um chosaint shealadach ag daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Ar ndóigh, mar gheall ar líon na ndaoine isteach, rinneadh córais náisiúnta tearmainn agus glactha a thástáil níos mó ná riamh, agus bhí ar thíortha AE+ teacht ar réitigh thapa, ach a bhí inmharthana freisin.

Le forbairtí sa chosaint idirnáisiúnta in 2022, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé struchtúr cosanta éifeachtach a bheith i bhfeidhm ina mbeadh rannpháirtíocht il-gheallsealbhóra. Mar a cuireadh i láthair sa tuarascáil sin, lean institiúidí AE dá n-iarrachtaí an t-athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CET) a chur chun cinn agus comhar praiticiúil a chothú tuilleadh idir tíortha AE+ ar bhonn na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta. Bhí ról ceannasach acu freisin maidir le freagairt eagraithe na hEorpa a fhorbairt ar riachtanais daoine easáitithe ón Úcráin.

Chun déileáil leis na riachtanais atá ann cheana agus iad atá ag teacht chun cinn, d'fhreagair tíortha AE+ trí bheartais agus cleachtais a choigeartú, acmhainní breise a leithdháileadh agus athruithe ar an reachtaíocht a chur i bhfeidhm. Tá an iliomad forbairtí dearfacha le meas agus le ceiliúradh. Ach i ndomhan ina mbíonn patrúin imirce agus tearmainn ag athrú go tapa, níl aon am ann le bheith bogásach agus ba cheart go mbeadh na ceachtanna a foghlaimíodh in 2022 ina spreagadh chun tuilleadh mionchoigeartaithe a dhéanamh. Léirigh gníomhachtú tapa agus leathnú na cosanta sealadaí gur féidir le reachtaíocht éifeachtach agus pleanáil theagmhasach, in éineacht le toil pholaitiúil leathan, freagairt thapa a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla; intuarthacht agus cobhsaíocht a chur ar fáil do thairbhithe; agus cóineasú a chothú i gcleachtais ar fud roinnt tíortha. Go tábhachtach, is féidir le freagairt an AE maidir le daoine easáitithe ón Úcráin a chosaint an bealach a réiteach chun córas tearmainn an AE ina iomláine a threorú trí léirithe comhchosúla dlúthpháirtíochta agus freagrachta comhroinnte.

Tar éis bliain iomlán d'fheidhmiú le sainordú feabhsaithe, thug EUAA 2022 chun deiridh le líon pleananna oibriúcháin nach bhfacthas a leithéid riamh cheana chun cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil go príomha do Bhallstáit a bhfuil brú díréireach acu ar a gcórais tearmainn agus ghlactha. Mar a leagtar síos i Rialachán EUAA, leanfar le forbairt ar chlár oibre nua na Gníomhaireachta sa bhliain atá le teacht. Áiritheoidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha EUAA nuacheaptha go leanfaidh oibríochtaí na Gníomhaireachta de bheith ag cloí go hiomlán le cearta bunúsacha. Déanfaidh Oifigigh Idirchaidrimh sna Ballstáit an comhar leis na húdaráis náisiúnta a chalabrú tuilleadh agus cuirfear tús le Sásra Faireacháin go luath in 2024 chun cuidiú le cleachtais a chomhchuibhiú ar fud an AE. Agus í ag comhlíonadh a stádais mar lárionad saineolais maidir le tearmann, leanfaidh an Ghníomhaireacht de ról lárnach a bheith aici san iarracht Eorpach cosaint a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar.

Nina Gregori
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

Clár Ábhar

Réamhrá **5**
Clár Ábhar **6**
Réamhrá **7**
1. Forbairtí domhanda i réimse an tearmainn **8**
2. Mórfhorbairtí tearmainn san Aontas Eorpach **9**
3. Tacaíocht EUAA in 2022 ..... **12**
4. Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn **13**
4.1. Rochtain ar nósanna imeachta 13
4.2. Córas Bhaile Átha Cliath 15
4.3. Nósanna imeachta speisialta chun riachtanais chosanta a mheas 16
4.4. Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an gcéad chéim 16
4.5. Iarratais ar thearmainn a phróiseáil ag an dara céim nó ag céim níos airde 18
4.6. Cásanna atá ar feitheamh 18
4.7. Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta 19
4.8. Gnéithe den choinneáil a bhaineann le hiarratasóirí agus le hiar-iarratasóirí 19
4.9. Rochtain ar fhaisnéis 20
4.10. Cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil 20
4.11. Seirbhísí ateangaireachta 21
4.12. Faisnéis faoin tír thionscnaimh 21
4.13. Cásanna daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn 22
4.14. Inneachar cosanta 22
4.15. Athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil 24
5. Leanaí agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu sa nós imeachta tearmainn **25**
Ráitis deiridh **27**

Réamhrá

Mar fhoinse faisnéise maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip, tugtar forléargas cuimsitheach sa Tuarascáil Tearmainn bhliantúil ó EUAA ar na príomhfhorbairtí maidir le tearmann i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, san Íoslainn, i Lichtinstéin, san Iorua agus san Eilvéis (tíortha AE+).

Ag tosú le forléargas gairid ar threochtaí agus ar na príomhábhair phlé a bhaineann leis an easáitiú éigeantach ar leibhéal domhanda, dírítear sa tuarascáil ar chomhthéacs na hEorpa. Cuirtear príomhfhorbairtí i láthair ag leibhéal an AE agus ag leibhéal náisiúnta, lena gcumhdaítear gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET). Cuirtear cásdlí roghnaithe i láthair chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar mhúnlaigh na cúirteanna léirmhíniú na ndlíthe Eorpacha agus náisiúnta. Ina theannta sin, le sonraí staidrimh maidir le príomhthéascairí, leagtar béim ar threochtaí i réimse an tearmainn in 2022.

Bhí ar thíortha AE+ aghaidh a thabhairt ar líon eisceachtúil daoine a raibh cosaint de dhíth orthu in 2022 mar thoradh ar mhéadú mór ar líon na n-iarratas ar thearmann a cuireadh isteach san Eoraip, mar aon le heasáitiú éigeantach na milliún duine ón Úcráin tar éis ionradh na Rúise. I bhfianaise na bhforbairtí sin, shlóg an AE agus a Bhallstáit méid acmhainní nach bhfacthas a leithéid riamh cheana chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chosanta atá ag dul i méid.

1. Forbairtí domhanda i réimse an tearmainn

Bhí leibhéil mhéadaithe coinbhleachta agus sáruithe ar chearta an duine le deich mbliana anuas fós ann in 2022. Mar thoradh ar theaglaim de ghéarchéimeanna, lena n-áirítear coinbhleachtaí nua agus leanúnacha, suaití aeráide, corraíl gheopholaitiúil, foréigean agus géarleanúint, d'éalaigh na milliúin daoine óna mbailte in 2022. Bhí ionradh na Rúise ar an Úcráin ar cheann de na géarchéimeanna easáitithe éigeantacha ba ghasta agus ba mhó ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann.

Leanadh nó fásadh staideanna troma easáitithe eile a bhí ann cheana féin ar fud an domhain, rud a d'fhág gur shroich líon na ndaoine a easáitíodh ar fud an domhain go leibhéil stairiúla in 2022, tuairim is 103 milliún duine, mar a mheas Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR). Chonacthas éifeachtaí tromchúiseacha ar dhaonraí sibhialtacha san Afganastáin, i mBuircíne Fasó, i bPoblacht na hAfraice Láir, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, san Aetóip, i Mósaimbíc, i Maenmar, i Nicearagua, i dTriantán Thuaidh Mheiriceá Láir (Guatamala, an tSalvadóir agus Hondúras), i réigiún na Saiheile, sa tSiria agus i Veiniséala.

I bhfianaise an mhéid sin, lean an comhphobal idirnáisiúnta dá iarrachtaí maidir le réitigh a fhorbairt do dhaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu. Trí chomhar idir páirtithe leasmhara éagsúla, cuireadh freagairtí cosanta éifeachtacha ar fáil do dhaoine a bhí ag teitheadh ón Úcráin laistigh de ghearrthréimhsí ama. Maidir le cosaint idirnáisiúnta, faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Dhomhanda maidir le Dídeanaithe, lean an comhphobal idirnáisiúnta de thionscnaimh a dhearadh agus a chur chun feidhme chun: i) an brú ar na tíortha óstacha a mhaolú; ii) féintuilleamaí dídeanaithe a fheabhsú; iii) rochtain ar réitigh i dtríú tíortha a leathnú; agus iv) tacú le dálaí i dtíortha tionscnaimh le haghaidh filleadh sábháilte díniteach.

De réir mar a leanann na páirtithe leasmhara ar fud an domhain d'aghaidh a thabhairt ar ghnéithe casta de phatrúin easáitithe a bhíonn ag síorathrú, forbraítear dioscúrsa agus praitic na cosanta idirnáisiúnta chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn. I measc na bpríomh-shaincheisteanna a bhí fós lárnach i réimse an tearmainn in 2022, bhí:

- Béim ar leanaí agus ar mhionaoisigh neamhthionlactha;
- Riachtanais na mban agus na gcailíní a thuiscint agus freagairt dóibh ar bhealach níos fearr i gcomhthéacs an easáitithe;
- Béim ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daoine easáitithe mar ábhar imní laethúil;
- Easáitiú de dheasca na haeráide mar fhachtóir a ghineann agus a mhúnlaíonn riachtanais chosanta ar fud an domhain; agus
- Saincheisteanna a bhaineann le cás daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn agus an idirghníomhaíocht idir cás daoine gan stát agus riachtanais chosanta.

2. Mórfhorbairtí tearmainn san Aontas Eorpach

Ba é ionradh na Rúise ar an Úcráin ba chúis le heasáitiú éigeantach ar leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo san Eoraip agus chuir sé brú ar chórais ghlactha a bhí ar lánacmhainn cheana féin. Bhí tionchar mór ag an gcogadh ar an imirce agus ar an tearmann a mhúnlú, agus bhí áit lárnach ann go nádúrtha i gceapadh beartas a bhaineann le cosaint ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE i rith na bliana.

Mar léiriú ar thiomantas an AE dlúthpháirtíocht iomlán leis an Úcráin a léiriú, ar an 4 Márta 2022 ghlac an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile d'aon toil cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle chun an Treoir um Chosaint Shealadach a ghníomhachtú agus bunaíodh cosaint shealadach do dhaoine easáitithe a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Bhunaigh an Coimisiún Eorpach an tArdán Dlúthpháirtíochta, rud a tháinig chun bheith ina chroílár freagra eagraithe an AE. Ina theannta sin, d'fhorbair sé plean gníomhaíochta 10 bpointe le bearta a bhí le déanamh ag an gCoimisiún Eorpach, ag gníomhaireachtaí an AE agus ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.

Tar éis an chinnidh ón gComhairle i mí an Mhárta 2022, lean tíortha AE de chinnidh cur chun feidhme ón gComhairle a chur i bhfeidhm trí shocruithe ábhartha nós imeachta agus glactha a thabhairt isteach, trí fheachtais faisnéise a eagrú agus trí rochtain ar chearta a thabhairt do dhaoine a bhí ag teitheadh ón Úcráin. Le gníomhachtú agus cur chun feidhme praiticiúil na Treorach um Chosaint Shealadach, bhíothas in ann stádas dlíthiúil soiléir a bheith ag daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus rochtain chórasach ar chearta gaolmhara acu freisin.[i]

Le hobair ghníomhach Uachtaránacht na Fraince agus Uachtaránacht Phoblacht na Seice ar Chomhairle an AE agus faoi chomhordú an Choimisiúin Eorpaigh, rinneadh dul chun cinn suntasach in 2022 chun an pacáiste athchóirithe a áirítear sa Chomhaontú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun cinn agus feabhas a chur an gcomhar praiticiúil idir tíortha AE+. Mar thoradh air sin, i mí an Mheithimh 2022, ghlac an Chomhairle sainorduithe caibidlíochta i ndáil leis na Rialacháin maidir le Scagadh agus Eurodac, chomh maith lena cur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar Chód Teorainneacha Schengen. Tháinig 21 tír ar chomhaontú freisin maidir leis an Sásra Dlúthpháirtíochta Deonach a chur chun feidhme, rud a réitíonn an bealach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce. Foráiltear leis an sásra do léirithe dlúthpháirtíochta do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith acu ar a gcórais tearmainn agus glactha trí athlonnú, ranníocaíochtaí airgeadais agus bearta tacaíochta eile.

[i] Chun forléargas mionsonraithe a fháil ar na gníomhaíochtaí a rinne tíortha AE+ maidir le cur chun feidhme na cosanta sealadaí do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin, féach foilseachán EUAA Cosaint Shealadach a Sholáthar do Dhaoine Easáitithe ón Úcráin: Athbhreithniú ar an mBliain.

Ar leibhéal Pharlaimint na hEorpa, in 2022 chuir rapóirtéirí dréacht-tuarascálacha i láthair maidir leis na tograí reachtacha uile a áirítear sa Chomhaontú maidir le hImirce agus Tearmann, agus maidir leis an Treoir athmhúnlaithe um Fhilleadh. I mí Mheán Fómhair 2022, tháinig an Pharlaimint agus Uachtaránachtaí rothlacha Chomhairle an AE ar chomhaontú polaitiúil maidir le treochlár comhpháirteach don chaibidlíocht idir comhreachtóirí chun na tograí reachtacha a ghlacadh roimh dheireadh na tréimhse reachtaí 2019-2024.

Bhí bainistiú éifeachtach na dteorainneacha seachtracha agus an tionchar gaolmhar ar fheidhmiú cuí chóras Schengen ina bpríomhábhair phlé i measc lucht ceaptha beartas na hEorpa. Chuir an Coimisiún Eorpach doiciméad beartais i láthair chun straitéis ilbhliantúil a sheoladh maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha lena dtugtar aghaidh ar rialú teorann; gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála; anailís riosca; comhar idirghníomhaireachta, AE agus idirnáisiúnta; filleadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach; cearta bunúsacha; taighde agus nuálaíocht; agus oideachas agus oiliúint. Rinneadh iarrachtaí freisin an comhar a neartú le tíortha tionscnaimh agus idirthurais chun aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta.

Lean teorainneacha seachtracha an AE de bheith faoi bhrú méadaithe, agus tháinig méadú mór ar líon na ndaoine isteach sa dara bliain as a chéile. De réir réamhshonraí a bhailigh Frontex, braitheadh 330,000 trasnú teorann neamhrialta ag teorainn sheachtrach an AE in 2022, arb ionann é agus méadú 64% i gcomparáid le 2021. Níor áiríodh daoine a easáitíodh ón Úcráin sna figiúirí sin, toisc gur taifeadadh ar leithligh iad. Chun aghaidh a thabhairt ar an staid ag na teorainneacha seachtracha, lean an Coimisiún Eorpach de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit líne thosaigh trí chúnamh airgeadais agus freagairtí oibríochtúla a thairiscint i gcomhar le Gníomhaireachtaí AE, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.

Chuir an Coimisiún Eorpach dhá phlean gníomhaíochta i láthair ina raibh sraith beart oibríochtúil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin láithreacha agus leanúnacha feadh bhealaí na Meánmhara Láir agus na mBalcán Thiar. Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta don Mheánmhuir Láir 20 beart atá ceaptha chun imirce neamhrialta neamhsháibháilte a laghdú, réitigh a sholáthar ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn i réimse na n-oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála agus an dlúthpháirtíocht a chothú atá cothrom i gcoinne na freagrachta i measc na mBallstát. Tá 20 beart oibríochtúil sa Phlean Gníomhaíochta do na Balcáin Thiar freisin, ar bearta iad atá struchtúrtha de réir chúig cholún. Is é an aidhm atá leis comhar a neartú maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha idir an AE agus tíortha na mBalcán Thiar, a bhfuil stádas uathúil acu mar thíortha i bpróiseas aontachais an AE.

In 2022, lean an tAontas agus a Bhallstáit de chúnamh a thabhairt trí oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála (SAR) do dhaoine agus do shoithí i nguais sa Mheánmhuir. Orthu sin bhí imircigh agus dídeanaithe a bhí ag iarraidh an Eoraip a bhaint amach, agus iad ag tabhairt faoi thurais bagrach don bheatha a d'eagraigh smuigléirí a d'úsáid oirbheartaíocht a bhí ag éirí níos contúirtí chun an Mheánmhuir a thrasnú. In éagmais sásra uile-Aontais, a nglactar go coitianta leis agus atá intuartha d'imeachtaí SAR, bhí teorainneacha na socruithe agus na gcleachtas reatha á gcáineadh fós. I gcás na nguthanna sin, mar thoradh ar easpa comhordaithe i ngníomhaíochtaí SAR, ar ghníomhaíocht aonair ó thíortha aonair agus ar choiriúlú ENRanna a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí SAR sa Mheánmhuir, is minic a bhíonn iallach ar imircigh fanacht ar bháid ar feadh roinnt laethanta.

I gcomhréir le traidisiún a mhair le blianta fada maidir le bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le réitigh atá dírithe ar chosaint a chur chun cinn ar fud an domhain, lean an AE dá chomhar cuimsitheach agus comhthairbheach le tríú tíortha. Áiríodh le gníomhaíochtaí faoi ghné sheachtrach bheartas imirce agus tearmainn an AE iarrachtaí chun dul i ngleic le cúiseanna bunúsacha na himirce neamhrialta; líonraí smuigleála a chomhrac; comhar le tríú tíortha maidir le fillteacha agus athligean isteach; obair le tíortha comhpháirtíochta chun teorainneacha agus imirce a bhainistiú; tacaíocht a sholáthar do réitigh chosanta i gcodanna eile den domhan; agus bealaí dleathacha a fhorbairt maidir le cosaint san Eoraip.

Ina ról chun léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe dhlí AE a áirithiú, d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) breis agus 20 breithiúnas in 2022, a chumhdaigh ábhair a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- rochtain éifeachtach ar an nós imeachta tearmainn;
- córas Bhaile Átha Cliath;
- coincheap iarratais a dhéanfar ina dhiaidh sin;
- inghlacthacht iarratas ar chosaint idirnáisiúnta;
- an ceart chun rochtain a fháil ar chomhad riaracháin agus an bhrí atá leis an gcinneadh a chur in iúl 'i scríbhinn';
- dálaí glactha ábharacha a tharraingt siar;
- raon feidhme na coinneála agus athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht na coinneála;
- athaontú teaghlaigh lena mbaineann mionaoisigh; agus
- cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar ar fhorais slándála náisiúnta.

3. Tacaíocht EUAA in 2022

An 19 Eanáir 2022, tháinig Rialachán (AE) 2021/2303 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a bhunú i bhfeidhm le sainordú feabhsaithe don Ghníomhaireacht. Le linn 2022, chruthaigh an Ghníomhaireacht a ról mar lárionad saineolais i réimse an tearmainn trína tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn. Chruthaigh ionradh na Rúise ar an Úcráin riachtanais chosanta ar mhórscála, agus d'fhreagair an Ghníomhaireacht go tapa chun cúnamh a chur ar fáil do thíortha a fuair líon mór daoine easáitithe ón Úcráin. Mar ghníomhaí lárnach i bhfreagairt chomhchoiteann an AE chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na milliún duine easáitithe, rannchuidigh EUAA go héifeachtach le réitigh chosanta a chur chun feidhme ar fud na hEorpa.

Chun faisnéis atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil do spriocphobail éagsúla, lena n-áirítear lucht déanta beartas, lean EUAA ar aghaidh in 2022 d'fhaisnéis a bhailiú, a phróiseáil, a shintéisiú agus a anailísiú maidir le téamaí sonracha, na forbairtí is déanaí, topaicí atá ag teacht chun cinn agus réamhaisnéis i réimse an tearmainn. Thacaigh an oiliúint arna forbairt agus arna soláthar ag an nGníomhaireacht le cur chun feidhme praiticiúil CET trí chúnamh a thabhairt d'oifigigh thearmainn agus ghlactha feabhas a chur ar a gcuid eolais, scileanna agus neamhspleáchais chun nósanna imeachta éifeachtúla cothroma a chur chun feidhme, i gcomhréir le caighdeáin AE.

Príomhréimse oibre do EUAA é cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil, go háirithe do na Ballstáit sin atá ag déileáil le brú díréireach ar a gcórais tearmainn agus ghlactha. In 2022, chuir EUAA tacaíocht oibríochtúil ar fáil do 14 Bhallstát AE, líon níos mó ná riamh: an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Spáinn. Clúdaíodh sa tacaíocht oibríochtúil a tugadh do na córais náisiúnta thearmainn agus ghlactha in 2022 raon gníomhaíochtaí a cuireadh in oiriúint don chomhthéacs sonrach agus do na riachtanais shonracha i ngach tír, lena n-áirítear tacú le hacmhainneacht agus cáilíocht na ndálaí glactha a mhéadú, iarratais a chlárú agus a phróiseáil ag an gcéad chéim agus ag an dara céim, tacú le hathshocruithe agus cáilíocht agus caighdeánú chóras Bhaile Átha Cliath a mhéadú. Thacaigh an Ghníomhaireacht freisin leis na Ballstáit réitigh chosanta a chur chun feidhme do dhaoine a easáitíodh ón Úcráin.

Trína chomhar le tríú tíortha, ar bhonn treochlár dhéthaobhach agus clár réigiúnach arna gcistiú ag an AE, lean EUAA de bheith ag tacú le gné sheachtrach CET in 2022. Cuireadh treochláir le haghaidh comhair dhéthaobhaigh chun feidhme leis an Albáin, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, leis an Éigipt, leis an gCosaiv, le Montainéagró, leis an Macadóin Thuaidh, leis an tSeirbia agus leis an Tuirc, agus ar an leibhéal réigiúnach d'éirigh leis an nGníomhaireacht gníomhaíochtaí a sheachadadh a raibh baint ag tíortha uile na hAfraice Thuaidh agus an Nígir leo. I bhfianaise shainordú nua na Gníomhaireachta agus forbairtí geopholaitiúla i réimse an tearmainn, i mí an Mhárta 2023 ghlac Bord Bainistíochta EUAA straitéis athbhreithnithe um chomhar seachtrach.

Le Rialachán EUAA, tugadh isteach forálacha chun a áirithiú go gcloíonn an Ghníomhaireacht go hiomlán le cearta bunúsacha agus a cúraimí á gcur i gcrích aici. In 2022, rinne EUAA gníomhaíochtaí ullmhúcháin chun Oifigeach um Chearta Bunúsacha a cheapadh, Straitéis um Chearta Bunúsacha a fhorbairt agus sásra gearán a bhunú, trína bhféadfaidh aon duine a bhfuil tionchar díreach orthu mar gheall ar ghníomhaíochtaí saineolaí ar Fhoireann Tacaíochta Tearmainn, agus a mheasann gur sáraíodh a gcearta bunúsacha de bharr na ngníomhaíochtaí sin, nó aon pháirtí a dhéanann ionadaíocht ar an duine sin, gearán i scríbhinn a chur faoi bhráid EUAA.

4. Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn

Ós rud é go bhfuil méadú mór ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu san Eoraip agus go bhfuil córais ghlactha náisiúnta ar lánacmhainn, chuir tíortha AE+ tionscnaimh reachtacha, bheartais agus phraiticiúla chun feidhme in 2022 chun an staid athraitheach a bhainistiú. Ag an am céanna, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta, UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile in iúl go raibh imní ann faoi roinnt cleachtas laistigh de riaracháin náisiúnta tearmainn agus ghlactha.

4.1. Rochtain ar nósanna imeachta

In 2022, fuair tíortha AE+ líon i bhfad níos airde iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ná a fuarthas sna blianta roimhe sin. B'ionann an tuairim is 996,000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a cuireadh isteach i dtíortha AE+ agus méadú thart ar caoga faoin gcéad i gcomparáid le 2021 agus méadú dhá chúigiú i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann roimh COVID-19 in 2019. Cé gur fhan an t-iomlán AE+ i bhfad faoi bhun na bliana 2015, bhí líon na n-iarratas níos airde ná luachanna 2015 i roinnt tíortha *(féach Fíor 1)*.

Ar fud thíortha AE+, cuireadh 7 n-iarratas as gach 10 n-iarratas isteach sna 5 thír ghlactha is mó – mar atá an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, an Ostair agus an Iodáil (in ord íslitheach). Chuir náisiúnaigh na Siria, na hAfganastáine, na Tuirce, Veiniséala agus na Colóime an líon is mó iarratas isteach. Cé gur iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó dhaoine as an tSiria, as an Afganastáin agus as an Iaráic ba chúis leis na leibhéil in 2015 agus 2016 a bhí níos airde ná mar a bhí riamh, eascraíonn an méadú reatha ó raon i bhfad níos leithne náisiúntachtaí.

I bhfianaise an mhéadaithe ar dhaoine isteach agus ar iarratais, lean tíortha AE+ dá n-iarrachtaí rochtain ar chosaint a chur ar fáil, agus ag an am céanna a dteorainneacha a bhainistiú go héifeachtach. I gcomhréir leis na treochtaí a bhí ann le blianta beaga anuas, thug roinnt Ballstát rialacha speisialta isteach feadh theorainneacha an AE chun oll-imirceach a bhainistiú agus staid éigeandála a fhógairt i gcásanna sonracha. Cé gurbh é sprioc na mbeart sin cabhrú leis na húdaráis faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar dhaoine isteach agus cásanna smuigleála a bhrath, rinne UNHCR, Comhairle na hEorpa agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta trácht ar an tionchar iarbhír, agus aird á tabhairt ar na rioscaí don cheart chun tearmainn agus ar phrionsabal an *non-refoulement*.

Spreag gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach athruithe ar an bpróiseas freisin agus bhí tionchar aige ar an gcumas chun iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú ar bhealaí éagsúla, toisc go raibh ar thíortha AE+ daoine a bhfuil cosaint shealadach de dhíth orthu a chlárú freisin. Mar thoradh air sin, rinneadh roinnt coigeartuithe ar na nósanna imeachta clárúcháin agus taiscthe, arb é is aidhm dó an próiseas do dhaoine easáitithe ón Úcráin a éascú agus a luathú, rud a d'fhág go raibh moill ann uaireanta ar rochtain a fháil ar an nós imeachta d'iarratasóirí tearmainn.

An líon iarratas is airde riamh i 13 thír AE+

Fíor 1. Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta de réir thír AE+, 2022



Tabhair do d'aire: Bhí sonraí bliantúla ar iarraidh don Íoslainn. Ríomhadh an t-iomlán bliantúil mar shuim na n-iarratas míosúil.

Foinse: Eurostat [migr_asyappctza, migr_asyappctzm don Íoslainn] amhail an 13 Aibreán 2023.

4.2. Córas Bhaile Átha Cliath

In 2022, leanadh d'fhorbairtí i dtreo sásra dlúthpháirtíochta nua chun córas Bhaile Átha Cliath a chomhlánú ar leibhéal an AE. Meastar gur deis é an Sásra Dlúthpháirtíochta Deonach bliana, rud a bhunaigh an Coimisiún Eorpach tar éis comhaontú idir 18 mBallstát agus 3 thír chomhlachaithe, chun an bealach a réiteach do réiteach níos buaine faoin Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce atá beartaithe.

Faoi chreat dlíthiúil reatha an AE, d'fhorbair na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus EUAA treochlár chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na n-aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III in 2022, agus thosaigh na Ballstáit ar na réitigh phraiticiúla a shainítear sa treochlár a chur i bhfeidhm chun na príomhbhacainní maidir le haistrithe a fhorghníomhú in 2023 a shárú.

Cé gur cuireadh deireadh le srianta COVID-19 de réir a chéile in 2022, ba phríomh-shaincheist d'aonaid Bhaile Átha Cliath in 2022 an easpa foirne – toisc, i bpáirt, gur athshannadh cás-oifigigh Bhaile Átha Cliath chun tacú le daoine a bhfuil cosaint shealadach de dhíth orthu – rud a fhágann go bhfuil sé níos dúshlánaí aghaidh a thabhairt ar an ualach oibre atá ag dul i méid.

De réir sonraí sealadacha a mhalartaítear go rialta idir EUAA agus 29 tír AE+, eisíodh 163,000 cinneadh in 2022 mar fhreagairt ar iarrataí amach Bhaile Átha Cliath. B'ionann sin agus méadú níos mó ná dhá chúigiú i gcomparáid le 2021, agus an t-iomlán bliantúil is airde ó 2016 ar a laghad mar thoradh air. Ar an iomlán, ba é 16% an cóimheas bliantúil de chinntí a fuarthas maidir le hiarratais Bhaile Átha Cliath ar iarratais ar thearmann, a bhí ar comhchéim le 2021. Cé gur bhain roinnt cinntí maidir le hiarrataí Bhaile Átha Cliath le cásanna athaontaithe teaghlaigh, tugann an cóimheas seasmhach idir cinntí agus iarratais le fios gur aistríodh in 2022 líon méadaithe iarrthóirí tearmainn ón gcéad tír isteach go tír eile chun iarratas nua a chur isteach (dá ngairtear gluaiseachtaí tánaisteacha), rud a imríonn tionchar ar líon na gcásanna tearmainn ar an iomlán.

Ag leibhéal na tíre, lean an Ghearmáin agus an Fhrainc leis an líon is mó cinntí a fháil mar fhreagra ar a n-iarrataí, is é sin le chéile breis is trí chúigiú den líon iomlán AE+. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, d'eisigh an lodáil an chuid is mó de na cinntí a bhain le hiarrataí Bhaile Átha Cliath. Mar sin féin, den chéad uair riamh, tháinig an Ostair agus an Bhulgáir chun cinn mar an dara tír agus an tríú tír is mó a d'eisigh na cinntí is mó, ag glacadh áiteanna na Gearmáine agus na Gréige ina leith sin.

In 2022, b'ionann an ráta glactha do chinntí mar fhreagra ar iarratais Bhaile Átha Cliath, a thomhaiseann sciar na gcinntí a ghlacann freagracht (go soiléir nó go hintuigthe) as iarratas as gach cinneadh a eisíodh, agus 60% (6 pointe faoin gcéad níos airde ná in 2021). Ba mhéadú é sin den chéad uair le 5 bliana anuas ar leibhéal AE+.

Tar éis titim go leibhéil an-íseal le linn phaindéim COVID-19 in 2020 agus in 2021, bhí líon íseal fós aistrithe Bhaile Átha Cliath a cuireadh chun feidhme in 2022. Ar an iomlán, rinneadh thart ar 15,000 aistriú in 2022, is é sin thart ar an seachtú cuid níos mó ná an líon in 2021, ach thart ar dhá chúigiú níos ísle ná an líon in 2019.

Rinneadh Airteagal 17(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III a agairt thart ar 4,800 uair in 2022, ag méadú den chéad uair le 4 bliana anuas ach fós i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. Is clásal lánroghnach é Airteagal 17(1), a cheadaíonn do Bhallstát scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, fiú mura bhfuil sé freagrach as scrúdú den sórt sin faoi na gcritéar atá leagtha síos sa rialachán.

4.3. Nósanna imeachta speisialta chun riachtanais chosanta a mheas

Nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an gcéad chéim, féadfaidh Ballstáit, faoi dhálaí áirithe, úsáid a bhaint as nósanna imeachta speisialta – amhail nósanna imeachta brostaithe, nósanna imeachta teorann nó nósanna imeachta tosaíochta – fad is atáthar ag cloí leis na prionsabail agus ráthaíochtaí bunúsacha atá leagtha amach i ndlí an AE.

Le linn 2022, ghníomhaigh na cúirteanna náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar fhorálacha reachtacha, agus ar chur chun feidhme praiticiúil nósanna imeachta speisialta. Bhí ábhair imní ann fós faoi nósanna imeachta teorann a úsáid agus faoi na rioscaí a bhaineann le luasghéarú bunaithe ar choincheap na tíre sábháilte agus ar iarratais ina dhiaidh sin.

Ar an iomlán, cuireadh 76,000 iarratas isteach ina dhiaidh sin sa tír chéanna AE+ in 2022, arbh ionann é agus laghdú i gcomparáid leis na 91,000 iarratas a rinneadh ina dhiaidh sin in 2021. Ba é 1 as 12 an cóimheas idir na hiarratais a rinneadh ina dhiaidh sin agus líon iomlán na n-iarratas, rud a léirigh laghdú suntasach i gcomparáid le 2021 (cóimheas 1 as 7).

4.4. Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an gcéad chéim

Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, in éineacht leis na milliúin duine easáitithe ón Úcráin a bhfuil cosaint shealadach de dhíth orthu, cuireadh brú breise ar an acmhainn próiseála ag an gcéad chéim. D'fhreagair tíortha AE+ don riachtanas sin trí bhearta a ghlacadh chun éifeachtúlacht an chórais tearmainn ina iomláine a mhéadú agus chun dlús a chur leis an nós imeachta tearmainn.

Cuireadh tús le hearcú ball foirne nua agus le hatheagrú na n-údarás cinntitheach, agus cruthaíodh oifigí críochacha breise chun láithreacht a mhéadú agus chun rochtain ar an nós imeachta tearmainn agus ar na húdaráis inniúla a éascú. Thug roinnt tíortha AE+ beartais tosaíochta agus treoirlínte isteach le haghaidh próifílí áirithe, chuir siad síneadh leis na teorainneacha ama chun cinneadh a eisiúint ag an gcéad chéim, agus ghiorraigh siad nó d'fhág siad ar lár céimeanna áirithe sa nós imeachta i gcás ina mbeadh an toradh fabhrach don iarratasóir. Chun nósanna imeachta a fheabhsú agus chun dlús a chur leo, d'fhorbair roinnt tíortha treoirlínte ginearálta nua chun measúnú a dhéanamh ar iarratais agus ghlac siad beartais nua maidir le cásanna arna dtaisceadh ag próifílí agus náisiúntachtaí sonracha na n-iarratasóirí.

In 2022, d'eisigh údaráis tearmainn i dtíortha AE+ tuairim is 646,000 cinneadh ag an gcéad chéim, arbh ionann é agus cúigiú níos mó ná in 2021 agus an líon is mó ó bhí 2017 ann. Ag an am céanna, cuireadh i bhfad níos mó iarratas eile isteach in 2022 (méadú caoga faoin gcéad), go háirithe sa dara leath den bhliain. Faoi dheireadh 2022, ba líonmhaire iad iarratais ná cinntí ag an gcéad chéim le 345,000, rud a d'fhág go raibh níos mó cásanna atá ar feitheamh ag an gcéad chéim i bhformhór thíortha AE+ ná mar a bhí bliain roimhe sin.

D'eisigh trí thír AE+ beagnach dhá thrian de na cinntí ag an gcéad chéim go léir in 2022: An Ghearmáin (31%), an Fhrainc (20%) agus an Spáinn (13%). Ina dhiaidh sin bhí an Iodáil (8%), an Ostair (6%) agus an Ghréig (6%). Eisíodh formhór na gcinntí ag an gcéad cheim i dtíortha AE+ chuig náisiúnaigh na Siria agus na hAfganastáine, a fuair 3 cinn as 10 gcinn de chinntí (féach Fíor 2). Fuair náisiúnaigh den Tuirc (25,000), den Bhanglaidéis (21,000) agus den tSeoirsia (19,000) na cinntí is mó ar taifead.

Níos mó cinntí ag an gcéad chéim eisithe in 2022 do bheagnach gach príomhthír thionscnaimh

Fíor 2. Cinntí ag an gcéad cheim i dtíortha AE+ de réir na 10 dtír tionscnaimh is mó a fuair cinntí, an bhliain 2022 i gcomparáid le 2021



Foinse: Eurostat [migr_asydcfsta] amhail an 13 Aibreán 2023.

Tarraingíodh siar thart ar 140,000 iarratas i ngach cás i dtíortha AE+ in 2022, is é sin dhá oiread níos mó ná 2021 agus an líon is mó ó bhí 2016 ann. Ar an iomlán, méadaíodh cóimheas na n-iarratas a tarraingíodh siar agus líon iomlán na n-iarratas a taisceadh ó thart ar 1 as 10 sna 4 bliana roimhe sin go 1 in 7 in 2022. Bhí ceithre chúigiú ar a laghad de na hiarratais uile a tarraingíodh siar in 2022 intuigthe. D'fhéadfadh iarratasóir ar thearmann a iarratas a tharraingt siar go hintuigthe ó thír AE+ amháin chun iarratas a dhéanamh arís i dtír eile, rud a léiríonn gluaiseachtaí tánaisteacha i dtreo tíortha AE+ eile. I ndáil leis an méid sin, bhí patrún de mórán iarratas a tarraingíodh siar go hintuigthe agus, dá bhrí sin, gluaiseachtaí tánaisteacha ó na tíortha feadh bhealach na mBalcán agus ó thíortha ag teorainneacha seachtracha an AE.

4.5. Iarratais ar thearmainn a phróiseáil ag an dara céim nó ag céim níos airde

In 2022, áiríodh ar fhorbairtí ag an dara céim i roinnt tíortha AE+ measúnuithe nó léirmhínithe nua ar an gceart chun rochtain a fháil ar nós imeachta achomhairc, amhail cé atá in ann achomharc a thaisceadh agus na ceanglais nach mór d'iarratasóir a chomhlíonadh chun rochtain a fháil ar an nós imeachta achomhairc. Bhí raon feidhme na n-achomharc i gcásanna cosanta idirnáisiúnta ina ábhar d'fheabhsuithe breise, lena n-áirítear an ceanglas scrúdú *ex nunc* (don todhchaí) a sholáthar ar fhíricí agus ar phointí dlí araon agus ar éifeacht fionraíochta na n-achomharc, chun cleachtais intíre agus forálacha reachtacha a ailíniú le forálacha ábhartha na Treorach athmhúnlaithe maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

Ghníomhaigh cúirteanna chun éifeachtacht na leigheasanna a mheas, agus leanadh d'fhad na nósanna imeachta achomhairc a bheith ina ábhar imní ar leith, rud a d'fhág go raibh athruithe reachtacha á moladh, á nglacadh nó á gcur chun feidhme cheana féin chun dlús a chur leis an nós imeachta achomhairc. Rinne na cúirteanna athbhreithniú freisin ar cén comhlacht inniúil ba cheart a bheith freagrach as achomharc a dhéanamh ar chinneadh maidir le hiarratas ar thearmann.

4.6. Cásanna atá ar feitheamh

Ag deireadh 2022, bhí beagnach 899,000 iarratas ar thearmann ag feitheamh ar chinneadh i dtíortha AE+, ar méadú beagnach aon chúigiú é i gcomparáid le bliain roimhe sin. Ba é sin formhór na gcásanna a bhí ag feitheamh ar chinneadh ó mhí Aibreáin 2020, nuair a cuireadh próiseáil na n-iarratas ar fionraí nó nuair a cuireadh teorainn dhocht leis an bpróiseáil le linn phaindéim COVID-19.

Cé gur fhan líon na gcásanna atá ar feitheamh réasúnta cobhsaí go dtí mí Lúil 2022, tháinig méadú leanúnach air ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an méadú atá ag teacht ar líon na n-iarratas ar thearmann, cé gur thosaigh cinntí ag an gcéad chéim ag titim go mór chun deiridh ar líon na n-iarratas sa dá ráithe dheireanacha de 2022 ná mar a bhí sa chéad dá ráithe de 2022. Dá bhrí sin, bhí stoc na gcásanna atá ar feitheamh fós níos airde ná an leibhéal réamh-ghéarchéime go déanach in 2014, rud a chuir brú ar na córais ghlactha náisiúnta.

Le measc an de shonraí Eurostat agus de shonraí Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) EUAA, is féidir cásanna atá ar feitheamh ag an gcéad chéim agus cásanna atá ar feitheamh ag an dara céim nó ag céim níos airde a dhí-chomhiomlánú. Léiríonn na torthaí gur tháinig méadú ar stoc foriomlán na gcásanna atá ar feitheamh ag an gcéad chéim, cé gur lean sé de bheith ag laghdú ag cásanna níos airde.

4.7. Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta

D'fhéadfaí a rá go ndearna córais ghlactha i dtíortha AE+ a srianta a thástáil in 2022, agus iarradh orthu freastal ar na riachtanais, ní hamháin líon méadaitheach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, ach ar riachtanais na milliún daoine a bhfuil cosaint shealadach de dhíth orthu freisin – agus, dá bhrí sin, a bhfuil dídean de dhíth orthu.

Ba é an príomhdhúshlán fós an easpa áiteanna leordhóthanacha, cé gur lean na Ballstáit d'infheistíocht shuntasach a dhéanamh maidir le hacmhainneacht ghlactha a mhéadú. Sháraigh roinnt tíortha an acmhainneacht is mó a bhí acu riamh, ach níor leor é sin fós chun cóiríocht leordhóthanach a chur ar fáil do gach iarratasóir. Bhí na dúshláin ilghnéitheacha níos measa in amanna mar gheall ar mhodhanna cistiúcháin neamhleora agus ar shaincheisteanna maidir le comhoibriú le bardais. Níor thuairiscigh ach dornán de thíortha AE+ (e.g. tíortha idirthurais ónar aistrigh iarratasóirí chuig tír AE+ eile) fadhbanna maidir lena n-acmhainneacht.

D'fhéach na Ballstáit ar bhealaí éagsúla chun freagairt do riachtanais mhéadaithe. Rinne cuid acu teagmháil le páirtithe leasmhara nua chun an córas glactha a neartú, mar shampla, trí rannpháirtíocht níos dlúithe a bheith ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag gníomhaithe bardasacha, ag bainistiú tubaistí nó ag gníomhaithe príobháideacha. Faoi chuimsiú a phleananna oibriúcháin, thug EUAA cúnamh do 10 dtír a gcórais ghlactha a fheabhsú.

Tháinig meath ar na dálaí glactha in ionaid phlódaithe agus tháinig dálaí fochaighdeánacha i roinnt tíortha AE+ dá bharr, mar a rinne eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhoiciméadú go forleathan. D'éirigh leis na cúirteanna oibleagáidí na mBallstát a athdhearbhú maidir le dálaí glactha a chur ar fáil go héifeachtach. Ós rud é go raibh an fócas fós ar riachtanais láithreacha, amhail go leor áiteanna glactha a aimsiú agus dálaí maireachtála leordhóthanacha a áirithiú, is cosúil gur cuireadh níos lú tionscnamh chun feidhme maidir le hiontráil na n-iarratasóirí san fhostaíocht a éascú, lena réiteach sa tsochaí nua nó lena rochtain a ar oideachas agus ar chúram sláinte.

4.8. Gnéithe den choinneáil a bhaineann le hiarratasóirí agus le hiar-iarratasóirí

In 2022, lean eagraíochtaí faireacháin agus breithiúnacha idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta de ghrinnscrúdú a dhéanamh ar easnaimh i gcleachtais agus ar dhálaí coinneála, amhail Coiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta (CAT), Coiste Chomhairle na hEorpa um Chéastóireacht a Chosc (CPT), Ombudóirí náisiúnta, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) agus na cúirteanna náisiúnta, chomh maith le UNHCR agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Spreag cinntí ón gCúirt, in amanna, próisis chun beartais agus cleachtais náisiúnta a ailíniú le reachtaíocht ábhartha Eorpach.

Leanadh de chumas coinneála i dtíortha AE+ a choigeartú bunaithe ar riachtanais oibríochtúla, go príomha chun saoráidí nua coinneála a oscailt nó chun tógáil na saoráidí sin a phleanáil. Bhí dul i muinín na coinneála ar cheann de na príomhábhair imní a chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl. I roinnt tíortha, cuireadh imní in iúl faoin gcleachtas a bhaineann le hiarratasóirí a choinneáil ag an teorainn, faoi choinneáil *de facto* i gcoitinne agus náisiúnaigh

tríú tír nua isteach ag fanacht le hiarratas a thaisceadh, faoi choinníollacha faoi choinneáil agus faoi bhacainní ar rochtain ar chearta, amhail rochtain ar fhaisnéis agus cúnamh dlíthiúil.

4.9. Rochtain ar fhaisnéis

In 2022, lean tíortha AE+ d'fheabhas a chur ar sholáthar faisnéise d'iarratasóirí tearmainn trí nuálaíochtaí agus feabhsuithe digiteacha, amhail ardáin agus suíomhanna gréasáin nua. I dteannta na n-údarás náisiúnta, lean eagraíochtaí na sochaí sibhialta den ról lárnach céanna a bheith acu maidir le rochtain ar fhaisnéis a éascú. Rinne na húdaráis náisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta iarrachtaí níos mó agus níos mó chun a áirithiú go raibh rochtain ag iarratasóirí agus ag tairbhithe cosanta idirnáisiúnta ar fhaisnéis i dteanga a thuigeann siad. Dá réir sin, aistríodh an t-ábhar go teangacha éagsúla, agus díríodh go háirithe ar fhaisnéis a bheith ar fáil in Úcráinis agus i Rúisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh faisnéis shaincheaptha de dhíth ar ghrúpaí sonracha iarratasóirí maidir lena gcásanna féin agus lena gcúinsí féin. Le mórtheacht na ndaoine easáitithe ón Úcráin, cruthaíodh tírdhreach faisnéise nua; leithdháil tíortha AE+ acmhainní suntasacha chun ardáin agus ábhair faisnéise a fhorbairt, rudaí a tugadh cothrom le dáta go rialta chun an t-eolas is cothroime agus is cruinne a chur ar fáil i dtimpeallacht a athraíonn go tapa. Tugadh tacaíocht do na húdaráis náisiúnta sa phróiseas sin, mar shampla, trí thionscnaimh ó EUAA (Who is Who in Temporary Protection) agus ó UNHCR (Leathanaigh Chabhracha). Forbraíodh faisnéis nua freisin do náisiúnaigh Rúiseacha atá ag lorg cosanta.

4.10. Cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil

In 2022, lean roinnt tíortha AE+ de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar rochtain ar chúnamh dlíthiúil agus ar cháilíocht an chúnaimh sin ag gach céim den nós imeachta tearmainn. Sheol siad tionscnaimh agus tionscadail nua, mar shampla, conarthaí a thabhairt do dhlíodóirí speisialaithe atá ag obair i gcúrsaí tearmainn agus tacaíocht bhreise a thairiscint d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cuireadh forbairt ghairmiúil agus uirlisí nua ar fáil do chleachtóirí dlí, agus é mar aidhm fhoriomlán cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú. Tugadh faoi deara freisin iarrachtaí suntasacha maidir le seirbhísí cúnaimh dlí a sholáthar le linn an nós imeachta tearmainn trí dhigitiú agus idirnascacht idir tairseacha na n-údarás cinntitheach agus ardáin chúirte.

Mar sin féin, mar a tuairiscíodh i mblianta roimhe seo, is ábhar imní fós é cur chun feidhme fhorálacha ábhartha na Treorach athmhúnlaithe maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn ag an teorainn, maidir le saoráidí coinneála agus leis an nós imeachta achomhairc toisc nach leor an fhaisnéis agus an rochtain ar chúnamh dlí agus ar ionadaíocht dhlíthiúil. I gcásanna áirithe, mar thoradh ar na teorainneacha gearra ama sa nós imeachta teorann, i nósanna imeachta speisialta nó i gcóras Bhaile Átha Cliath, bhí cúnamh dlíthiúil teoranta, ar dhrochcháilíocht nó nach raibh sé ann ar chor ar bith.

Mar fhreagairt ar ionradh na Rúise, chuir údaráis náisiúnta, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta acmhainní ar fáil chun tacaíocht a chur ar fáil láithreach do dhaoine easáitithe ón Úcráin, lena n-áirítear faisnéis agus cúnamh dlíthiúil le rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhlachas barra náisiúnta.

4.11. Seirbhísí ateangaireachta

In 2022, thug tíortha AE+ roinnt tionscnamh isteach chun feabhas a chur ar sheirbhísí ateangaireachta sa nós imeachta tearmainn, go háirithe maidir le seirbhísí iomchuí a chur ar fáil do mharthanóirí gáinneála ar dhaoine, cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar. Leanadh de na hiarrachtaí feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí ateangaireachta trí oiliúint, treoir, uirlisí ardchaighdeáin agus ábhair thacaíochta d'ateangairí. Tugadh faoi deara treocht mhéadaitheach maidir le tairbhithe cosanta a úsáid mar ateangairí i gcomhthéacs tearmainn; agus taithí dhíreach acu ar an bpróiseas iad féin, bhí ateangairí dá leithéid in ann tacaíocht chuí a thairiscint d'iarratasóirí nua.

Chun aghaidh a thabhairt ar theacht na ndaoine easáitithe ón Úcráin, mhéadaigh roinnt tíortha AE+ líon na n-ateangairí a bhfuil an Úcráinis agus an Rúisis acu agus chuir siad tuilleadh ábhair eolais ar fáil sna teangacha sin. Spreag na hiarrachtaí cáineadh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, inar tuairiscíodh córas dhá shraith maidir le cúnamh a chur ar fáil do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin, a fuair tacaíocht thapa i réimse na hateangaireachta, i gcomparáid le hiarrthóirí tearmainn as tíortha eile. Chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta imní in iúl freisin faoi bhacainní teanga agus cultúrtha ag na teorainneacha mar gheall ar easpa seirbhísí ateangaireachta agus drochaistriúcháin faisnéise, rud a chuir cosc ar imircigh a gcearta agus a n-oibleagáidí a thuiscint go fóinteach.

4.12. Faisnéis faoin tír thionscnaimh

Bhí príomhfhorbairtí i dtáirgeadh faisnéise faoin tír thionscnaimh (COI) in 2022 dírithe ar mhodheolaíochtaí a fheabhsú, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua agus i dtaighdeoirí, feabhas a chur ar an gcomhar le taighdeoirí eile atá bunaithe san Eoraip (mar shampla in Aonaid náisiúnta COI agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair sa tír thionscnaimh), agus faisnéis a tháirgeadh go tapa chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna nua. Lean táirgeadh COI de dhíriú ar na tíortha tionscnaimh is coitianta d'iarratasóirí tearmainn san Eoraip, mar atá an Afganastáin, an Cholóim, an tSiria, an Tuirc agus Veiniséala. Ar ndóigh, dhírigh táirgeadh COI in 2022 freisin ar an staid san Úcráin agus sa Rúis.

Dúshlán a bhí fós ann, mar a léirigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, baineann sé le heaspa inrochtaineachta agus le heaspa soláimhsitheachta na mbunachar sonraí COI, agus le heaspa faisnéise ilteangaí, ós rud é go bhfuil ábhar COI ar fáil i mBéarla den chuid is mó. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil míchothromaíocht ann idir tíortha tionscnaimh a bhfuil líon mór tuarascálacha COI ar fáil dóibh agus tíortha nach bhfuil aon fhaisnéis nó faisnéis theoranta iontu, chomh maith le heaspa sonraí maidir le hiarratasóirí idirghnéasacha agus maidir leis an staid ina dtíortha tionscnaimh.

4.13. Cásanna daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn

I gcomhthéacs an tearmainn, d'fhéadfadh cásanna daoine gan stát difear a dhéanamh don phróiseas cinnteoireachta maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus do choimircí nós imeachta an iarratasóra. In 2022, rinne tíortha AE+ athruithe reachtacha agus beartais chun aghaidh a thabhairt ar chásanna daoine gan stát, lena n-áirítear nósanna imeachta cinnidh cásanna daoine gan stát a bhunú, rochtain ar eadóirseacht a éascú agus treoir a thabhairt cothrom le dáta maidir le hiarratais ó dhaoine gan stát a phróiseáil.

Mar sin féin, is cosúil go raibh roinnt dúshlán fós ann, lena n-áirítear easpa próisis chinnidh cásanna daoine gan stát i roinnt tíortha AE+ agus easpa feasachta agus saineolais ar shaincheisteanna a bhaineann le cásanna daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhonn le héiginnteacht in intinn iarrthóirí faoin bpróiseas agus faoina gcearta agus oibleagáidí, agus d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn le sainaithint agus clárú míchuí.

4.14. Inneachar cosanta

Tagraíonn inneachar cosanta do na cearta a bhfuil tairbhithe de chineál cosanta ina dteideal i dtír an tearmainn, chomh maith leis na hoibleagáidí gaolmhara. Tugtar cosaint nuair a fhaigheann iarratasóirí cinneadh dearfach lena ndeonaítear stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí (ar a dtugtar stádais chomhchuibhithe ag an AE freisin). Tagraíonn an ráta aitheantais don líon torthaí dearfacha mar chéatadán den líon iomlán cinntí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta. Cé go ndeonaíonn foirmeacha náisiúnta cosanta stádas cosanta do náisiúnaigh tríú tír, ní áirítear na stádais sin – nach bhfuil comhchuibhithe ar fud thíortha AE± – agus an ráta aitheantais á ríomh.

In 2022, ba é 39% an ráta aitheantais foriomlán AE+ le haghaidh cinntí ag an gcéad chéim a bhain le hiarratais ar thearmann. Fágann sé sin, as na 646,000 cinneadh a eisíodh, go raibh 252,000 cinneadh dearfacha ann, lena ndeonaíodh stádas dídeanaí nó cosaint choimhdeach don iarrthóir. Tháinig méadú 5 phointe céatadáin ar an ráta aitheantais i gcomparáid le 2021 agus ba é an ráta is airde ó bhí 2017 ann. Dheonaigh an chuid is mó de na cinntí dearfacha ag an gcéad chéim stádas dídeanaí (149,000 nó 59% de na cinntí dearfacha ar fad) agus deonaíodh cosaint choimhdeach sna 103,000 cás eile (41%.

Seachas na stádais rialaithe ag an AE, má chuirtear údarúcháin chun fanacht ar chúiseanna daonnúla san áireamh, bheadh an ráta aitheantais fhoriomláin AE+ maidir le cinntí ag an gcéad chéim cothrom le 50% in 2022.

I measc na 20 náisiúntacht a fuair na líonta is mó cinntí ag an gcéad chéim in 2022, bhí an ráta aitheantais ab airde ag muintir na Siria ag 93%. Ina dhiaidh sin bhí muintir na hÚcráine (86%) agus muintir na hEiritré (84%). I measc na ngrúpaí eile a raibh rátaí aitheantais sách ard acu bhí náisiúnaigh Mhailí (65%), na Somáile (57%) agus na hAfganastáine (51%) *(féach Fíor 3)*.

Bhí na rátaí aitheantais ab airde ag muintir na Siria, muintir na hÚcráine agus na hEiritré in 2022

Fíor 3. Rátaí aitheantais ag an gcéad chéim do na 20 náisiúntacht is mó maidir le cinntí a eisíodh i dtíortha AE+, de réir náisiúntachta agus stádais a deonaíodh, 2022



Tabhair do d'aire: Is iad na 20 náisiúntacht sin a fuair an líon is mó cinntí ag an gcéad chéim i dtíortha AE+ in 2022. Cuirtear iad in ord (ón taobh clé go dtí an taobh deas) maidir le líon na gcinntí a fuarthas.
Foinse: Eurostat [migr_asydcfsta] amhail an 13 Aibreán 2023.

Múnlaíonn raon agus cáilíocht na gceart agus na seirbhísí a fhaigheann tairbhithe na cosanta na hionchais maidir lena lánpháirtiú éifeachtach sa tsochaí óstach. In 2022, bhí beartais lánpháirtíochta dírithe go príomha ar dhaoine as an Úcráin a raibh cosaint shealadach de dhíth orthu, lena n-áirítear a luí sóisialta a éascú, rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar chúram sláinte, agus sochair leasa shóisialta a sholáthar.

Leanadh ar aghaidh in 2022 leis an treocht a tugadh faoi deara sna blianta roimhe seo maidir le réimse geallsealbhóirí a bheith páirteach ann agus maidir le feabhas a chur ar an gcomhar chun tairbhithe cosanta idirnáisiúnta a lánpháirtiú, agus spreag an gá práinneach, mórscála atá ann maidir le tacaíocht lánpháirtíochta a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach de dhíth orthu, an próiseas sin de chomhar il-gheallsealbhóra. Dá bhrí sin, rinne tíortha AE+ roinnt bealaí nua nuálacha a thriail chun oibriú le chéile chun daoine a raibh cosaint de dhíth orthu a lánpháirtiú.

Chun tacú le ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise, lean geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, an saol acadúil, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, de mheastóireacht a dhéanamh ar chomhpháirteanna na gclár lánpháirtíochta i rith 2022. Leis na ceachtanna a foghlaimíodh trí iarrachtaí chun tairbhithe na cosanta sealadaí a imeascadh, is féidir léargas breise a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag cineálacha éagsúla cur chuige i leith imeasctha amach anseo. Ag an am céanna, lean roinnt tíortha AE+ ar

aghaidh le tionscnaimh a thug ceart fanachta d'iariarratasóirí nárbh fhéidir a chur ar ais agus a raibh leibhéal áirithe imeasctha bainte amach acu.

Is minic a bhí tionchar ag an méadú ar iarratais ar thearmann in 2022 ar mhoilleanna ar dhoiciméid chónaithe agus taistil a sheachadadh do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta agus is minic a bhí an méadú sin taobh thiar de na moilleanna, rud a d'fhág go raibh an baol ann go gcuirfí moill ar a rochtain ar sheirbhísí agus ar chearta eile. Mar a bhí sé i mblianta roimhe seo, choinnigh na cúirteanna ról tábhachtach i léirmhíniú na bhforas agus na nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a athbhreithniú nó a tharraingt siar a mhúnlú, agus rinne údaráis bhreithiúnacha grinnscrúdú freisin ar bheartais agus ar chleachtais náisiúnta i réimse an athaontaithe teaghlaigh.

4.15. Athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil

Tar éis gearradh siar ar ghníomhaíochtaí athlonnaithe le linn na paindéime COVID-19, thosaigh tíortha ar chláir a athghníomhachtú de réir a chéile in 2021 agus 2022. Sa chomhthéacs sin, lean tíortha AE+ dá n-iarrachtaí a ngealltanais a chomhlíonadh. Chuige sin, bhí gá le tosaíochtaí agus cláir a chur in oiriúint do na dúshláin nua a bhí ann le linn na bliana, amhail an ghéarchéim leanúnach san Afganastáin agus líon ollmhór na ndaoine easáitithe isteach ón Úcráin. Mar thoradh ar bhrú géar ar chórais náisiúnta glactha cuireadh moill ar chur chun feidhme na ngealltanas athlonnaithe ag go leor tíortha AE+.

Ar an iomlán, treisíodh ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cuideachtaí príobháideacha agus grúpaí pobail trí chomhaontuithe nua toisc go bhfuil ról tábhachtach acu i nglacadh le dídeanaithe athlonnaithe agus sa phróiseas roghnúcháin agus tarchuir. Chun tionchar na gclár athlonnaithe a thomhas, rinne tíortha AE+ agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta meastóireachtaí chun ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtais a shainaithint.

I réimse an ligin isteach ar fhoras daonnúil, díríodh sna hiarrachtaí den chuid is mó ar theacht na náisiúnach Afganastánach a bhí i mbaol. Arís, cuireadh tionscnaimh ábhartha chun feidhme i gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

5. Leanaí agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu sa nós imeachta tearmainn

Ós rud é gur mná agus leanaí, den chuid is mó, a bhí i gceist le daoine a raibh cosaint shealadach de dhíth orthu in 2022, bhí gá ag tíortha AE+ le coigeartú a dhéanamh ar sheirbhísí tacaíochta a bhí dírithe go ginearálta ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar fir iad den chuid is mó. Ba mhó an baol go ndéanfaí gáinneáil ar mhná agus ar leanaí a bhí ag teitheadh ón Úcráin, agus mar sin rinne roinnt tíortha AE+ feachtais chun feasacht a mhúscailt agus gáinneáil a chosc. Rinne siad iarracht bhreise freisin íospartaigh a shainaithint ar bhealach níos fearr agus tacaíocht thapa agus leordhóthanach a chur ar fáil.

In ainneoin na n-iarrachtaí a rinne tíortha AE+ chun feabhas a chur ar shainaithint luath, ar tharchur agus ar obair leantach, d'éirigh sé níos dúshlánaí fós i gcomhthéacs na gcóras glactha a bhí ar lánacmhainn daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaithint agus cóiríocht agus tacaíocht thráthúil a chur ar fáil dóibh siúd is leochailí. Ina theannta sin, thug roinnt Ballstát agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta dá n-aire gur tháinig iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta isteach san AE agus an tsláinte níos measa acu ná mar a bhí sna blianta roimhe sin.

Is minic a ghníomhaigh cúirteanna chun rialú ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le hiarratasóirí faoi mhíchumas agus a raibh riachtanais speisialta sláinte acu, maidir le ceisteanna a bhaineann le cosaint éifeachtach do mhná agus do chailíní, agus maidir le cásanna a bhaineann le gnéaschlaonadh agus le féiniúlacht inscne (SOGI).

In 2022, chuir mionaoisigh neamhthionlactha 42,000 iarratas ar thearmann isteach ar fud thíortha AE+, is é sin an líon is mó ó bhí 2016 ann. Ba ionann sin agus méadú trí chúigiú ón mbliain roimhe sin, rud a bhí beagán níos mó ná an fás sna hiarratais iomlána (+53%). Ní raibh ach dhá shaoránacht taobh thiar de dhá thrian de na hiarratais ó mhionaoisigh neamhthionlactha: chuir Afganastánaigh (20,000) agus Siriaigh (10,000) beagnach leathchuid de na hiarratais isteach.

Taisceadh níos mó ná leathchuid de na hiarratais uile ar chosaint idirnáisiúnta ó mhionaoisigh neamhthionlactha san Ostair (13,000 nó 31%), sa Ghearmáin (7,300, 17%) agus san Ísiltír (4,200, 10%). San Ostair agus san Ísiltír araon, agus sa Bhulgáir (3,400), sa Fhrainc (1,000) agus sa Chipir (900), ba iad figiúirí 2022 na cinn is airde a bhí ann riamh *(féach Fíor 4)*.

Deonaíodh stádas dídeanaí nó cosaint choimhdeach do bheagnach gach mionaoiseach neamhthionlactha as an tSiria (96%). I gcodarsnacht leis sin, eisíodh mionlach beag de chinntí dearfacha chuig mionaoisigh as an mBanglaidéis (6%).

Tharraing mionaoisigh neamhthionlactha tuairim is 18,000 iarratas siar i 20 tír AE+ a thuairiscigh sonraí. Cosúil le hiarratais a tharraing iarratasóirí fásta siar, bhí sé sin thart ar dhá oiread níos mó ná mar a bhí in 2021. Go deimhin, sháraigh an fás in iarratais a tarraingíodh siar an fás ar iarratais a thaisc mionaoisigh neamhthionlactha. Tharraing grúpa amháin ar leith na hiarratais siar den chuid is mó: Ba iarratasóirí fireanna idir 14-17 mbliana d'aois iad 95% díobh. Bhí beagnach gach aistarraingt intuigthe, rud a thug le fios nár thug na mionaoisigh neamhthionlactha fógra don údarás go raibh sé ar intinn acu an t-iarratas a tharraingt siar.

D’fhéadfadh sé go léiríonn aistarraingtí den sórt sin gluaiseachtaí tánaisteacha i dtreo tíortha AE+ eile.

Líon ard mionaoiseach neamhthionlactha is mó ná riamh a bhfuil iarratas á dhéanamh acu san Ostair, sa Bhulgáir, sa Chipir, sa Fhrainc agus san Ísiltír

Fíor 4. Na 10 dtír AE+ is mó a fhaigheann iarratais ó mhionaoisigh neamhthionlactha, 2022



Tabhair do d’aire: Bhí sonraí don Íoslainn ar iarraidh.
Foinse: Eurostat [migr_asyunaa] amhail an 13 Aibreán 2023.

Chuir an méadú ar líon na leanaí neamhthionlactha i gcomparáid le 2021 brú breise ar phróisis ábhartha, amhail caomhnóir a cheapadh agus measúnú a dhéanamh ar aois mionaoiseach féinfhógartha. Bhí tionchar ag an méadú freisin ar theorainneacha ama maidir le hiarratais a phróiseáil agus ar sholáthar dálaí glactha ábhartha leordhóthanacha agus ar thacaíocht do mhionaoisigh neamhthionlactha.

Ráitis deiridh

In 2022, ghlac tíortha AE+ an líon is mó daoine riamh a raibh cosaint de dhíth orthu, mar a chonacthas le líon na n-iarratasóirí ar thearmann atá ag méadú go mór agus le breis agus 4 mhilliún duine easáitithe ón Úcráin agus cosaint shealadach á lorg acu. Cé gur chuir an líon iomlán de 5 mhilliún duine a tháinig isteach san AE brú nach beag ar riaracháin náisiúnta, cruthaíodh réitigh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine atá ag lorg cosanta.

Bhí freagairt na hEorpa ar riachtanais na milliún duine easáitithe ón Úcráin cuiditheach agus dírithe ar chosaint, agus is féidir leis sin feidhmiú mar threoirphlean polaitiúil agus oibríochtúil don todhchaí. Bhí roinnt tosca ann a spreag an rath sin, lena n-áirítear an reachtaíocht a bhí ann cheana agus a bhí saincheaptha chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar an ngá sin, chomh maith leis an toil pholaitiúil chun an reachtaíocht sin a ghníomhachtú agus na struchtúir tacaíochta chomhfhreagracha a chur ar bun go pras. Go tábhachtach, bhí ról nach beag ag an gcomhar i measc geallsealbhóirí iomadúla agus éagsúla ar bhonn na dlúthpháirtíochta ilghnéithí maidir leis na réitigh a dhearadh agus a sheachadadh: dlúthpháirtíocht i leith daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu; dlúthpháirtíocht ar fud thíortha an AE; agus dlúthpháirtíocht i measc gníomhaithe éagsúla a d'éirigh leo acmhainní a shlógadh agus dul sa treo chéanna. Tháinig institiúidí agus gníomhaireachtaí an AE, údaráis náisiúnta agus áitiúla, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le saoránaigh phríobháideacha agus pobail, le chéile agus chomhroinn siad a gcuid saineolais faoi seach maidir le réitigh éifeachtacha a chur ar fáil.

Chun barrfheabhsú chórais tearmainn an AE a chur chun cinn in 2022, mhol Uachtaránachtaí na Fraince agus Phoblacht na Seice ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh cur chuige céim ar chéim, d'éirigh leo dul chun cinn a spreagadh sa chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú maidir le hImirce agus Tearmann, agus chothaigh siad tuilleadh comhar praiticiúil idir na Ballstáit. Mar thoradh ar an obair sin, glacadh sainorduithe caibidlíochta maidir leis na Rialacháin um Scagadh agus Eurodac, sa chomhaontú polaitiúil i measc na gcomhreachtóirí maidir le treochlár comhpháirteach don chaibidlíocht ar an bpacáiste athchóirithe, agus sa chomhaontú maidir leis an Sásra Dlúthpháirtíochta Deonach. Féadfaidh na hincrimintí tiomantais sin, atá bunaithe ar chothromaíocht idir léirithe dlúthpháirtíochta agus freagrachta, éifeacht charnach dhearfach a bheith acu, rud a d'fhéadfadh bonn eolais a chur tuilleadh faoi cheapadh beartas agus glacadh an chomhaontaithe a éascú ar deireadh sna blianta amach romhainn.

I bhfianaise an dul chun cinn sin maidir leis an athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, tá an AE agus a Bhallstáit ag iarraidh dé-ionracas a bhaint amach, is é sin, sláine sa nós imeachta tearmainn agus sláine sa bhainistiú teorainneacha. Go deimhin, le blianta beaga anuas, leagadh béim ar chur chuige éifeachtach, rud a cuireadh i láthair mar chroíghné den mhodh chun an comhaontú a fheabhsú. Cuspóir sonraithe den athbhreithniú ar chóras Schengen is ea feabhas a chur ar an teacht aniar i gcoinne bagairtí tromchúiseacha, amhail ionstraimiú imirceach, trí bhainistiú comhtháite teorainneacha. Ag an am céanna, is éard atá i gceist le bainistiú éifeachtach ná sláine maidir le daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu a ghlacadh agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, agus iarratais a phróiseáil ar bhealach cothrom agus díniteach.

Agus an bainistiú teorainneacha á nuachóiriú, tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, rochtain gan chosc ar chosaint a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar. Cé gur tionscnaíodh príomhchéimeanna sa treo sin, amhail an plé – agus an treoir ghaolmhar – maidir le sásraí náisiúnta neamhspleácha a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh chearta an duine ag teorainneacha seachtracha, is cúis imní iad tuarascálacha scanrúla ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le cleachtais a chuireann bac ar rochtain éifeachtach ar chosaint.

Chun léirmhíniú ceart ar CET a áirithiú, lean Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), chomh maith le hinstitiúidí breithiúnacha ar an leibhéal náisiúnta, den reachtaíocht, de na beartais agus de na cleachtais náisiúnta a ghrinnscrúdú i roinnt réimsí a bhaineann le CET in 2022. Leagadh béim ar leith ar phrionsabal an *non-refoulement* a chur i bhfeidhm agus ar rochtain éifeachtach ar chríoch agus ar an nós imeachta tearmainn. Chun sláine CET a chosaint, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na húdaráis náisiúnta na cinntí arna n-eisiúint ag na cúirteanna chun feidhme chuige sin.

I dtimpeallacht tearmainn a bhíonn ag athrú go tapa, rud a éilíonn comhar il-gheallsealbhóra maidir le réitigh chosanta a dhearadh agus a chur chun feidhme, tá EUAA tar éis forbairt ina ghné ríthábhachtach den struchtúr Eorpach tearmainn. Agus a sainordú treisithe ag an nGníomhaireacht, leanfaidh sí de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme CET ar fud na hEorpa. I gcomhar leis an tacaíocht theicniúil, oibríochtúil agus oiliúna a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil, cuirfidh post nua an Oifigigh neamhspleách um Chearta Bunúsacha tús leis an obair chun a áirithiú go ndéanfar cearta na n-iarratasóirí ar thearmann a choimirciú i gcónaí. Tríd an Sásra Faireacháin atá aici, oibreoidh an Ghníomhaireacht níos dlúithe fós leis na Ballstáit sna blianta amach romhainn chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil oibleagáidí dlíthiúla an AE agus chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na srianta a d'fhéadfadh a bheith ar chórais tearmainn agus ghlactha a shainaithint, rud a chuideoidh, ar deireadh, le córas tearmainn AE níos comhchuibhithe a bhaint amach.

Tuarascáil Tearmainn 2023: Achoimre Feidhmiúcháin

Mar fhoinse faisnéise maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip, tugtar forléargas cuimsitheach i *dTuarascáil Tearmainn 2023* ar na príomhfhorbairtí a rinneadh sa réimse tearmainn in 2022. Cuirtear i láthair san Achoimre Feidhmiúcháin leagan giorraithe den phríomhthuarascáil.

Tiomsaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) faisnéis faoi gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn. Chuige sin, sonraítear sa tuarascáil athruithe ar bheartais, ar chleachtais agus ar reachtaíocht. Léirítear inti treochtaí maidir le tearmann, príomhthéascairí don bhliain tagartha 2022, forléargas ar chóras Bhaile Átha Cliath lena gcinntear an Ballstát atá freagrach as cás, agus roinn ar leith maidir le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha. Tá samplaí de chásdlí inti chun cabhrú le daoine dlíthe Eorpacha agus náisiúnta a léirmhíniú i gcomhthéacs *acquis* tearmainn an AE.

Tá *Tuarascáil Tearmainn 2023* bunaithe ar fhaisnéis ó réimse leathan foinsí – lena n-áirítear tuairimí ó údaráis náisiúnta, ó institiúidí AE, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ón saol acadúil – chun léargas iomlán agus dearcthaí éagsúla a chur i láthair. Fónann an tuarascáil, lena gcumhdaítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2022, mar thagairt do na forbairtí is déanaí maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip.

BZ-AH-23-001-GA-N

Publications Office of the European Union

euaa EUROPEAN UNION AGENCY FOR ASYLUM